An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Soláthar do Pháistí le Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Dr Treasa Kirk

Óstán an Mhuilinn gCearr
4 Aibreán 2019

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Forléargas

- Comhthéacs reachtaíochta agus príomhpholasaithe/príomhstraitéisí náisiúnta
- Soláthar reatha do dhaltaí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais
- Forbairtí curaclaim
- Seirbhísí náisiúnta chun tacú leis an soláthar do pháistí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais

Comhthéacs Reachtaíochta

- Acht 54 den Acht Oideachais 1998 – An Chomhairle um Oideachas Speisialta (2003)
- Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (EPSEN) 2004
- Acht um Míchumas 2005
- Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
- Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018

Oideachas uilechuimsitheach

Na Príomhpholasaithe agus na Príomhstraitéisí Náisiúnta



Oideachas uilechuimsitheach



CUMASÚ: Straitéis Rialtais Uile agus Plean Gníomhaíochta don Oideachas (Márta 2019)

Sprioc 2: Dul chun cinn **foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais** agus **foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu** a chur ar aghaidh d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Gníomhartha Straitéiseacha chun Sprioc 2 den Straitéis a bhaint amach

1) Forfheidhmiú múnla cuimsithe scoile a chur ar aghaidh chun na tacaíochtaí cuí a sheachadadh ag an am ceart do dhaltaí le riachtanais chúraim bhreise

2) Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh …. i dtreo tacaíochtaí Stáit atá bunaithe ar riachtanais do dhaltaí/scoláirí le RSO, ag díriú ar thorthaí feabhsaithe atá intomhaiste

3) Cuir chuige i leith torthaí a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a fhiosrú

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Soláthar reatha do dhaltaí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais (RSO)

- **Infheistíocht suntasach in oideachas speisialta**
  - Buiséad iomlán don Oideachas = €10.2 billiún
  - Buiséad d'oideachas speisialta = €1.75 billiún
  - 28,000 fostaithe mar chúntóirí RSO nó mar mhúinteoirí RSO

- Méadú 37% tagtha ar líon na múinteoirí riachtanais speisialta oideachais (SET) ó 2011
  - ó 9,740 in 2011 go dtí níos mó ná 13,400 in 2019
  - ó 2017 i leith tá 1,000 múinteoirí RSO breise ar fáil do scoileanna

- Thart ar phost múinteora amháin oideachais speisialta ar a laghad ann i gcás gach ceithre phost múinteora i rang príomhshrutha ar fud earnáil an bhunoideachais

- Thart ar 1 phost teagaisc oideachais speisialta bunaithe in aghaidh gach 6.75 post teagaisc i rang príomhshrutha ar fud earnáil na hiar-bhunscoile

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Samhail do leithdháileadh múinteoirí riachtanais speisialta oideachais (RSO)

- Meán Fómhair 2017 (Imlitir 0013/2017) – Samhail nua do leithdháileadh múinteoirí RSO
- 2019 - Athbhreithniú déanta ar an tsamhail nua & uasdátú ar phróifíl agus rollachán na scoileanna (Imitir 0007/2019)

- Saoirse ag scoileanna acmhainní a leithdháileadh bunaithe ar riachtanais na ndaltaí/scoláirí sin is géire gá le treoir *Contanam Tacaíochta* (NEPS)

- Soláthar múinteoirí RSO i ngach scoil **bunaithe ar riachtanais phróifilithe oideachais na scoileanna** in ionad riachtanais pháistí aonair a mheas

- Bonnlíne do gach scoil **bunaithe ar rollachán na scoile (mar bhonnlíne)** chun tacú le:
  - cuimsiú iomlán
  - idirghabháil luath
  - agus chun deacrachtaí foghlama a chosc

- Cur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2019 agus le huasdátú ar an tSamhail gach 2-3 bliana

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Samhail nua do leithdháileadh múinteoirí riachtanais speisialta oideachais... ar lean

Trí ghné tógtha san áireamh chun próifíl na scoile a bhunú

1. Líon na ndaltaí a bhfuil RSO chasta acu maidir le:
   - feidhmiú fisiciúil agus/nó céadfach
   - feidhmiú cognaíoch agus oiriúnaitheach
   - cumarsáid agus idirghabháil shóisialta agus iompar

2. Céatadán daltaí/scoláirí ag feidhmiú faoi thairseach áirithe ar thorthaí tástálacha caighdeánaithe sa litearthacht

   I gcomhthéacsanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
   - aird ar leith dírithe ar thorthaí tástálacha caighdeánaithe na ndaltaí sa Ghaeilge i gcomhar le torthaí tástálacha caighdeánaithe sa Bhéarla

3. Comhthéacs sóisialta na scoile lena n-áirítear inscne agus míbhuntáiste oideachasúil

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Soláthar reatha do dhaltaí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais (RSO)

- Contanam tacaíochta sa chóras oideachais – ranganna príomhshrutha le tacaí breise, ranganna speisialta agus scoileanna speisialta
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) – ról larnach faoi Acht EPSEN 2004
  - Foilsiúcháin na Comhairle ar fáil go dhátheangach
  - Ceannaire feidhmiúcháin sinsearach don Ghaeilge aitheanta
  - Plean á fhorbairt ag an gComhairle in 2019 próifíl agus úsáid na Gaeilge a ardú, acmhainn na foirne a fhorbairt agus an tsoláthar seirbhísí don Ghaeilge a fheabhsú

Scoil speisialta trí mheán na Gaeilge	**Tigh Nan Dooley, Co na Gaillimhe**

Ranganna speisialta	**Líon ranganna speisialta**	**Contae**
Bunscoileanna sa Ghaeltacht	4	Gaillimh x2; Dún na nGall x2
Iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht	4	Gaillimh x2; Dún na nGall; Ciarraí
Bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	6	BAC x2; Co an Chláir; Corcaigh, an Mhí, Laois
Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	1	BAC

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An Curaclam: Na príomhtheachtaireachtaí

An Chomharile Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

- Ag freastal ar fhoghlaim **GACH DALTA/SCOLÁIRE**
- An páiste lárnach sa phróiseas teagaisc agus foghlama
- Go bhforbraíonn páistí ag rátaí difriúla, go háirithe páistí a bhfuil RSO acu
- **Torthaí foghlama … béim ar leith ar an gcur chuige difreáilte** san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú
- **Contanam dul chun cinn** (An Curaclam Teanga)
- Ábhar tacaíochta breise agus samplaí oibre ar shuíomh gréasáin CNCM chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An Curaclam: Na príomhtheachtaireachtaí … ar lean

- **Tosaíocht do chumas labhartha Gaeilge an dalta/scoláire a fhorbairt**
  - deiseanna cumarsáide a sholáthar do labhairt na Gaeilge agus don idirghníomhú trí Ghaeilge
  - Saibhriú teanga ag leibhéal an pháiste – suíomhanna ina bhfuil an Ghaeilge mar T1
- **I gcás roinnt páistí a bhfuil RSO acu**
  - cumarsáid **trí theanga chomharthaíochta**
  - cumarsáid **trí Chóras Cumarsáide Malartaithe Pictiúr** (PECS)

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Curaclam don Ghaeilge: bunscoil agus iar-bhunscoil (T1 agus T2)

- *Curaclam Teanga na Bunscoile (T1 agus T2)* – ó Mheán Fómhair 2019 á chur i bhfeidhm
- Soláthar T1 agus T2 don tSraith Shóisearach – ó Mheán Fómhair 2017
- Obair tosaithe ar churaclaim T1 agus T2 a fhorbairt do Ghaeilge na hArdteistiméireachta

Treoirlínte do Bhunscoileanna

Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna
Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais
Speisialta Oideachais acu

Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna

Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna
Príomhshrutha a bhfuil
Riachtanais Speisialta Oideachais acu

RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS
Leanúntas Tacaíochta

RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS
Leanúntas Tacaíochta

Phacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí

Leanúntas Tacaíochta
le haghaidh Iar-bhunscoileanna
Treoirlínte do Mhúinteoirí

Leanúntas Tacaíochta
le haghaidh Iar-bhunscoileanna

Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí

Seirbhís Tacaíochta CNOS

Uirlis Chúnta

ag tógáil ar chumas

An tSamhail Leithdháilte Leasaithe do Thacaíocht Teagaisc don Oideachas Speisialta

Bunscoil

Meán Fómhair 2017

© CNOS 2017

Uirtear an saothar seo ar fáil faoi théarmaí *Creative Commons Attribution Non-Commercial Share Alike 4.0 International* https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/ Is féidir úsáid agus athúsáid saor in aisce bhaint as an ábhar seo (iomhánna agus siombailí san áireamh) in aon fhormad nó meán, faoi théarmaí Cheadúnas Neamhthráchtála *Share Alike Creative Commons Attribution*

Cur chuige Cothromaithe i Leith
na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile

Treoir SNSO (*NEPS*) don Dea-Chleachtas

Siceolaithe oideachais a chuir Treoir SNSO (*NEPS*) maidir le Dea-Chleachtais le chéile. Tá sí bunaithe ar an eolas reatha sa réimse seo. Nil inti ach treoir. Ni bheidh na moltai uile anseo oiriúnach i gcás gach aon phàiste ná gach aon cheist.

An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills





An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Seirbhísí náisiúnta chun tacú leis an soláthar do pháistí/scoláirí le RSO

Teagmháil ag scoileanna le seirbhísí tacaíochta éagsúla:

- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
  - Tacaíocht ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí dírithe ar oideachas speisialta
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM/PDST)
  - Seimineáir, ceardlanna, tacaíocht in-scoile, líonraí, pobail foghlama ghairmiúla, tacaíocht ar líne &rl
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT)
- Lárionad Ceannaireacht Scoile (LCS)

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Seirbhísí náisiúnta chun tacú leis an soláthar do pháistí/scoláirí le RSO

- Meastóireacht ag an gCigireacht ar an soláthar do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus RSO acu
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
  - *Comhordú ar an soláthar áiseanna don teagasc trí Ghaeilge*
    - do Churaclam na Bunscoile
    - do shonraíochtaí nua na Sraithe Shóisearaí
  - *Seirbhísí taca lena n-airítear forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí*
    - dianchúrsa Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscoile a mhúineann ábhair eile trí Ghaeilge/síceolaithe SNSO (NEPS)
  - Sparánachtaí taighde á gcur ar fáil- réimse leathan taighde foilsithe
  - Treoir le forbairt do scoileanna chun tacú le páistí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i suíomhanna tumoideachais Gaeltachta

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Soláthar do dhaltaí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais… na dúshláin

Aithníonn an Roinn an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a sholáthar do na scoláirí ar fad inár scoileanna ar fad

- Aithnítear leis go bhfuil **dúshláin** ag baint leis an soláthar maidir le:
  - múinteoirí a chumasú maidir le difreálú a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim
  - na hacmhainní a leithdháileadh go héifeachtach ag ceannairi scoileanna de réir riachtanais na ndaltaií/scoláirí is géire gá
  - conas measúnú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais na ndaltaí/scoláirí i suíomhanna T1

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Tacaí eile chun an tsoláthar do dhaltaí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú

Oideachas Múinteoirí

- **Ról ar leith ag an gComhairle na cláir d'oideachas múinteoirí a scrúdú agus a chreidiúnú**

- Leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta go bhfuil modúl ar oideachas speisialta riachtanach i ngach clár oideachas tosaigh múinteoirí

- Athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na riachtanais a ghabhann le clárúchán i gcás na n-ábhar curaclaim ar fad ag leibhéal na hiar-bhunscoile, an Ghaeilge san áireamh

- Faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta tá dhá chlár nua trí mheán na Gaeilge curtha ar fáil
  - Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ó 2018
  - Baitsiléir Oideachais (B.Oid.) 4-bliana trí mheán na Gaeilge ó 2019

- Institiúidí ardoideachais ag soláthar cúrsaí nua d'oideachas tosaigh múinteoirí i réimse ábhar lena n-áirítear an Ghaeilge, an Mhatamaitic agus na Nuatheangacha iasachta ó 2019
  - Mar shampla: DCU – Nuatheangacha agus an Ghaeilge; OÉG – BA san Oideachas (Nuatheangacha)

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Tacaí eile chun an tsoláthar do dhaltaí/scoláirí le riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú

Measúnú

- Modhanna measúnaithe éagsúla ar féidir a úsáid chun feabhas a chur ar leibhéal litearthachta Gaeilge na scoláirí

- **An Curaclam Teanga …. an contanam dul chun cinn** chun an phleanáil agus an measúnú a theorú

- **An Creat don tSraith Shóisearach**
  - Cláir ag Leibhéal a hAon agus ag Leibhéal a Dó agus Aonaid Tosaíochta Foghlama chun tacú le scoláirí le RSO
  - Gearrchúrsaí le cuir chuigí nua madir le measúnú agus tuairisciú
  - Measúnuithe rangbhunaithe

- Faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, tá obair idir lámha ag an bhForas Taighde ar Oideachas chun
  - **Trialacha sa Luathlitearthacht, Éisteacht agus Labhairt trí Ghaeilge** a fhorbairt do na naíonáin shóisearacha
  - **Trialacha ITE san Éisteacht/Labhairt a athchóiriú do rang a dó, ceathair agus a sé**

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Gnéithe tábhachtacha a bhaineann leis an soláthar do pháistí/scoláirí le RSO

- Oideachas uilechuimsitheach

- Rochtain



- Rannpháirtíocht

- Comhpháirtíocht

- Ceannaireacht
- Freagracht

- Tairbhe don pháiste

An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

GO RAIBH MAITH AGAIBH